

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

## Scéim na Gaeilge 2018 – 2021

## Clár na nÁbhar

---

<b>BROLLACH .....</b>	<b>2</b>
<b>1. RÉAMHRÁ &amp; CÚLRA .....</b>	<b>3</b>
1.1 Treoirínite maidir le hullmhú na Scéime .....	3
1.2 Ábhar Scéim 2018 - 2021 .....	3
1.3 Athbhreithniú ar chur chun feidhme thríú Scéim na Gaeilge de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí .....	4
1.4 Dáta thosach feidhme Scéim 2018 – 2021.....	4
<b>2. FORLÉARGAS OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ.....</b>	<b>5</b>
2.1 Obair ghinearálta na hOifige .....	5
2.2 Ról agus Feidhme Oifig an DPP .....	5
2.3 Ár bpáirtithe leasmhara .....	6
<b>3. ACHOIMRE MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS A MHÉID IS A BHFUIL SEIRBHÍSÍ AR FÁIL I NGAEILGE .....</b>	<b>7</b>
3.1 An Rannán um Stiúradh .....	7
3.2 Rannán na nAturnaetha .....	8
3.3 An Rannán Seirbhísí Dlíthiúla .....	9
3.4 An Rannán Riarachán .....	10
<b>4. SEIRBHÍSÍ ATÁ LE CUR AR FÁIL I NGAEILGE .....</b>	<b>11</b>
4.1. Tiomantas Ginearálta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí .....	11
4.2 Fáilteoirí .....	11
4.3 Oifigeach Gaeilge (OG) .....	12
4.4 An tAonad Cumarsáide .....	12
4.5 An tAonad TF.....	13
<b>5. MONATÓIREACHT .....</b>	<b>14</b>
<b>6. SCÉIM CHOMHAONTAITHE A PHOIBLIÚ.....</b>	<b>15</b>

## Brollach

---

Táim sásta an ceathrú Scéim na Gaeilge do m'óifig a sheoladh, ina leagtar amach na seirbhísí Gaeilge a chuirfimis ar fáil thar shaolré na Scéime.

Agus na trí Scéim Gaeilge roimhe seo á gcur chun feidhme d'éirigh le m'óifig réimse fairsing seirbhísí Gaeilge a sheachadadh. Is é mo rún go leanfaimid ag seachadadh na seirbhísí sin agus a chinntiú go gcuirfear na saoráidí ar fáil do dhaoine ar mian leo a ngnó leis an oifig seo a stiúradh trí mheán na Gaeilge.

Tá a lán oibre déanta ag an Oifig seo thar na blianta maidir lenar suíomh gréasáin a fhorbairt mar fhoinsé luachmhar faisnéise don phobal i gcoitinne agus, go sonrach, d'íospartaigh agus d'fhinnéithe atá bainteach le próiseas an cheartais choiriúil. Tá sé inmhianaithe dá réir sin go ndéanfaimid ár ndícheall a chinntiú go bhfuil an suíomh gréasáin go hiomlán dátheangach, go háirithe agus an úsáid mhéadaithe as suíomh gréasáin na hOifige mar fhoinsé faisnéise á cur san áireamh.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt do na baill sin de m'fhoireann a chuir seirbhísí i nGaeilge ar fáil thar na blianta. Leanfaidh an Oifig le tacaíocht a thabhairt dóibh ina gcuid oibre le linn chur chun feidhme cheathrú Scéim na Gaeilge.

Claire Loftus

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

## 1. Réamhrá & Cúlra

---

Ullmhaíodh an scéim seo, ceathrú Scéim na Gaeilge de chuid oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) faoi alta 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ('an tAcht'). Déantar foráil sna Acht maidir le hullmhú scéime reachtúla ag comhlachtaí poiblí ina dtugtar eolas faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí Ghaeilge;
- trí Bhéarla; agus
- trí Ghaeilge agus trí Bhéarla;

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go gcuirfear seirbhís ar bith nach soláthraíonn an comhlacht trí Ghaeilge ar fáil amhlaidh laistigh d'achar ama aontaithe.

### 1.1 Treoirínte maidir le hullmhú na Scéime

Ullmhaíodh an scéim ar iarratas an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhréir leis na treoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Faoi alt 13 den Acht foilsíodh fógra i mí Feabhra 2017 ar shuíomh gréasáin Oifig an DPP agus ar shuíomh gréasáin Tuairisc, inar iarradh uiríoll ó pháirtithe ar suim leo an scéal maidir le hullmhú na dréachtscéime. Cuireadh bonn eolais faoin scéim ó na haighneachtaí a fuarthas.

### 1.2 Ábhar Scéim 2018 - 2021

Rinneadh tiomantais fhairsinge faoi na chéad trí Scéim maidir le feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse a chuireann an Oifig seo tríd an nGaeilge agus seachadadh na tiomantais sin. Is é is cuspóir leis an gCeathrú Scéim seo seachadadh leanúnach na seirbhísí ar fad sin a chinntiú thar thréimhse Scéim 2018 - 2021.

Beidh an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim ag an Aonad Cumarsáide a thabharfaidh tuairisc rialta don Choiste Comhpháirtíochta agus don lucht bainistíochta sinsearaí san Oifig seo.

Áirítear sa scéim chomh maith tiomantas measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go leanfaidh an Oifig ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte, soiléir agus inrochtana Leanfaidh an Oifig ag measúnú na líon cásanna maidir leis an DPP ina n-iarrann ball den phobal go ndéanfaí imeachtaí a stiúradh tríd an nGaeilge. Leanfaidh an Oifig ar aghaidh le leibhéal na bhfiosrúcháin agus na n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge a thomhas ar bhonn leanúnach.

### 1.3 Athbhreithniú ar chur chun feidhme thrú Scéim na Gaeilge de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Rinne an tAonad Cumarsáide monatóireacht ar Scéim na Gaeilge de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cuireadh tús leis in 2014, agus cuireadh tuairiscí isteach chuig an lucht bainistíochta sinsearaí lena bhfoilsíú i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige. Rinneadh Oifig an Choimisinéara Teanga meastóireacht chomh maith ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme Scéim na Gaeilge atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

### 1.4 Dáta thosach feidhme Scéim 2018 – 2021

Dheimhnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim seo. Beidh éifeacht leis an scéim ó **28 Bealtaine 2018** agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim úr deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## 2. Forléargas Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

---

### 2.1 Obair ghinearálta na hOifige

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Tugtar an DPP ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Is é misean Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ‘seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a sholáthar thar ceann Mhuintir na hÉireann’. Tá ceithre Rannán in Oifig an DPP: An Rannán um Stiúradh; Rannán na nAturnaetha; an Rannán Seirbhísí Dílíthiúla; agus an Rannán Riaracháin.

- i) Cuimsítear sa **Rannán um Stiúradh** abhcóidí agus aturnaetha a dhéanann scrúdú ar chomhaid imscrúdaithe choiriúil agus a chinneann ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh nó nár cheart.
- ii) I **Rannán na nAturnaetha** tá abhcóidí agus feidhmeannaigh dhlíthiúla a ullmhaíonn agus a stiúran cásanna thar ceann an DPP sna Cúirteanna ar fad atá suite i mBaile Átha Cliath.
- iii) Cuimsítear sa **Rannán Seirbhísí Dílíthiúla** an tAonad Beartas agus Taighde; na Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise; Bainistíocht Eolais; an tAonad Idirchaidrimh d’Íospartaigh; agus an tAonad Idirnáisiúnta.
- iv) Sa **Rannán Riaracháin** soláthraítear na seirbhísí eagrúcháin, bonneagair agus riaracháin a theastaíonn ón Oifig ina hiomláine.

### 2.2 Ról agus Feidhme Oifig an DPP

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir ar bhonn neamhspleách an dlí coiriúil sna cúirteanna, thar ceann Mhuintir na hÉireann; stiúran agus maíonn sé ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sé treoir agus comhairle ghinearálta don nGarda Síochána maidir le cásanna achoimre agus treoir shainiúil i gcásanna nuair a iarrtar é sin.

Cinneann an DPP cibé acu daoine a chúiseamh nó gan iad a chúiseamh as cionta coiriúla, agus cad iad na cionta ba cheart bheith i gceist. A luaithe is a dhéantar cúiseamh beidh Oifig an DPP i gceannas ar an gcás ionchúisimh.

Ionchúisíonn an Stiúrthóir sna cásanna níos tromchúisí ar fad agus i gcásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach corruair. Éistear na cásanna níos tromchúisí os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda nó sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Gníomhaíonn an Príomh-Aturnae Ionchúisimh mar aturnae don DPP agus is é an ceannaire ar Rannán na nAturnaetha in Oifig an DPP. Déanann foireann Rannán na nAturnaetha ionadaíocht don Stiúrthóir sna cúirteanna go léir i mBaile Átha Cliath. Déanann Aturnaetha Stáit Áitiúla ionadaíocht ar son an DPP i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### 2.3 Ár bpáirtithe leasmhara

Agus seirbhís ionchúisimh á cur ar fáil thar ceann Mhuintir na hÉireann idirghníomhaíonn Oifig an DPP le gníomhaireachtaí, oifigí, ranna agus daoine aonair éagsúla. Is iad seo a leanas ár bpríomhpháirtithe leasmhara:

- An Garda Síochána
- Sainghníomhaireachtaí imscrúdaithe
- Aturnaetha stáit áitiúla
- Baill den Bharra
- An tArd-Aighne
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- Na cúirteanna agus an tSeirbhís Chúirteanna
- Íospartaigh na coireachta
- Finnéithe
- Daoine cúisithe, daoine ciontaithe agus a gcomhairleoirí dlíthiúla
- Finnéithe saineolacha
- Gníomhaireachtaí Stáit agus Ranna Rialtais eile
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Oifigí agus eagraíochtaí ábhartha AE
- Comhlachais Idirnáisiúnta Dlíodóirí agus Ionchúisitheoirí
- Soláthraithe seirbhíse

### 3. Achoimre maidir le Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí agus a Mhéid is a bhfuil Seirbhísí ar fáil i nGaeilge

---

Is é is príomhchuspóir leis an Acht a chinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge ar chaighdeán níos airde. I bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís Ardchaighdeáin Oifig an DPP tiomnaítear an Oifig chun:

- Gach foilseachán de chuid na hOifige a fhoilsiú sa dá theanga
- Leanúint lenár suíomh gréasáin a chothabháil i mBéarla agus i nGaeilge
- Cuidiú le páirtithe leasmhara a ngnó a dhéanamh tríd an nGaeilge
- Ár n-oibleagáid faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trí chlár oiliúna agus trí thionscnaimh eile

Léirítear na tiomantais sin i Scéimeanna na Gaeilge roimhe seo agus tá siad ina gcuid dhílis de Scéim reatha seo na Gaeilge.

Ar chur chun feidhme chéad Scéim na Gaeilge in 2005 d'ainmnigh an Oifig ball foirne, a bhí oilte sa Ghaeilge, mar Oifigeach Gaeilge. Ceapadh an dara Oifigeach Gaeilge ó shin. Tá ról lárnach ag an hoifigigh sin agus gníomhaíonn siad mar phointe tagartha le haghaidh na hoibre ar fad a bhaineann leis an nGaeilge a thagann chun cinn san Oifig. Tá eolaire ball foirne ag an Oifig chomh maith atá oilte sa Ghaeilge a chuireann cúnamh cúltaca ar fáil do na hOifigigh Ghaeilge. Dá réir sin tá agus beidh an Oifig ábalta déileáil le cúrsaí go héifeachtúil trí mheán na Gaeilge, i gcumarsáid scríofa agus ó bhéal, de réir mar is gá.

Tá na seirbhísí a sholáthraíonn gach Rannán den Oifig leagtha amach thíos, mar aon le léiriú den mhéid a sholáthraíonn an Rannán seirbhísí don phobal i gcoitinne agus i gcás go soláthraítear na seirbhísí sin, a mhéid is a chuirtear ar fáil sa Ghaeilge iad más gá.

#### 3.1 An Rannán um Stiúradh

Cuimsítear sa Rannán um Stiúradh abhcóidí agus aturnaetha a dhéanann scrúdú ar chomhaid imscrúdaithe choiriúil a fhaightear ón nGarda Síochána agus ó ghníomhaireachtaí imscrúdaithe eile. I ndiaidh an imscrúdaithe sin stiúránn siad, trí Rannán na nAturnaetha agus aturnaetha stáit áitiúla, tionscnamh, atráthú nó aistarraingt ionchúisimh go hachomair (sa Chúirt Dúiche) nó ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirt Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta) agus stiúránn siad na cúisimh ábhartha.

Tugann siad treoir, agus treoracha, maidir le gach iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, gach iarratas ar habeas corpus, ar chásanna sonraithe, ar bhannaí agus iarratais ar bith eile



sna huaschúrteanna, ina bhfuil an Stiúrthóir ina pháirtí. Soláthraíonn an Rannán treoir agus stiúir dhlíthiúil leanúnach go dtí go dtabharfar an cás atá á éisteacht chun críche.

Soláthraíonn an Rannán comhairle leanúnach maidir le hionchúisimh choiriúla bheartaithe Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí imscrúdaithe speisialaithe eile.

Leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 toirmisctear cumarsáid áirithe leis an DPP chun críche tionchar a imirt ar chinneadh maidir le hionchúiseamh a aistarraingt nó gan é a thionscnamh, seachas cumarsáid ó: íospartach na coireachta; baill teaghlaigh íospartach na coireachta; duine cúisithe, ball teaghlaigh duine cúisithe; nó daoine a scríobhann thar ceann a gcliant (dlíodóirí, dochtúirí agus oibrithe sóisialta).

Baineann an tseirbhís a chuireann an Rannán um Stiúradh ar fáil go díreach don phobal le cumarsáid i scríbhinn ó íospartaigh, teaghlaigh íospartach, daoine cúisithe nó a dteaghlaigh, nó daoine a scríobhann thar ceann cliant. De réir alt 9(2) den Acht tugtar freagra i nGaeilge ar cumarsáid ar bith den sórt sin a fhaightear i nGaeilge. Déileálfaidh dlíodóirí sa Rannán um Stiúradh ag a bhfuil leibhéal dóthanach oilteachta i nGaeilge leis an gcumarsáid go díreach, nó mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh siad cúnaimh a iarraidh ó na hOifigigh Ghaeilge nó bhaill foirne ar ár n-eolaire inmheánach cainteoirí Gaeilge.

D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an Rannán um Stiúradh chomh maith déileáil le líon beag comhad cásanna nó imeachtaí dlíthiúla ina dteastaíonn úsáid na Gaeilge. De réir fhorálacha an Achta, pléitear cásanna nó imeachtaí ar bith dá leithéid i nGaeilge agus tugtar freagra orthu i nGaeilge. D'fhéadfadh cúnaimh a iarraidh ó na hOifigigh Ghaeilge nó ó sheirbhís ghairmiúil sheachtrach aistriúcháin bheith i gceist leis sin.

### **3.2 Rannán na nAturnaetha**

Soláthraíonn Rannán na nAturnaetha seirbhísí aturnae don DPP in ionchúisimh choiriúla i gCúirteanna Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath, i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath agus i ndáil le cásanna arna stiúradh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta chomh maith. Áirítear air sin Leabhair Fianaise agus obair thrialach a ullmhú, lena n-áirítear abhcóideacht, chomh maith le hiarratais, de réir mar is cuí, chuig an Ard-Chúirt agus chuig na Cúirteanna Uachtaracha. Soláthraíonn an Rannán an tseirbhís seo chomh maith maidir le himeachtaí sna cúirteanna uachtaracha ina bhfuil an Stiúrthóir ina pháirtí, lena n-áirítear iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, iarratais ar habeas corpus, iarratais ar chásanna sonraithe agus iarratais ar bhannaí.

Déanann foireann dlí i Rannán na nAturnaetha cumarsáid leis an bpobal nó lena n-ionadaithe agus freagra á thabhairt acu ar chumarsáid i scríbhinn nó tríd an nguthán a dhéanann duine nó a dhéantar thar ceann duine ar gearánaí nó cosantóir é nó í in imeachtaí coiriúla nó ó dhuine atá bainteach mar chomhairleoir dlíthiúil nó mar chomhairleoir leighis do dhuine atá bainteach sa chás. Déileálfaidh foireann dlí ag a bhfuil leibhéal dóthanach

inniúlacht i nGaeilge leis an gcumarsáid go díreach, nó mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh siad cúnaimh a iarraidh ó na hOifigigh Ghaeilge nó ó bhaill foirne ar ár n-eolaire inmheánach cainteoirí Gaeilge.

Stiúradh líon cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh tríd an nGaeilge ó cuireadh Scéimeanna na Gaeilge roimhe seo chun feidhme. Rinneadh iad sin a phróiseáil de réir fhorálacha an Achta ag baill den fhoireann dlí atá inniúil sa Ghaeilge agus trí rannpháirtíocht Abhcóide atá oilte sa Ghaeilge. Nuair ba chúil iarraidh seirbhísí aistritheora ghairmiúil sheachtraigh Gaeilge.

I líon an-bheag cásanna eile i gcás go n-iarrfadh an duine cúisithe go ndéileálfaí lena chás/cás i nGaeilge, déantar socrúithe chun leas a bhaint as seirbhísí ateangaireachta Gaeilge.

### 3.3 An Rannán Seirbhísí Dlíthiúla

Cuimsítear roinnt aonad sa Rannán Seirbhísí Dlíthiúla atá leagtha amach thíos:

- Tá dlíodóirí agus taighdeoirí dlí san **Aonad Beartais agus Taighde um Ionchúisimh**. Tá an fhreagracht ag an Aonad seo as beartas ionchúiseamh a cheapadh, comhairle a thabhairt maidir le doiciméid bheartais a chuirtear ar aghaidh chuig an Oifig seo lena mbreithniú agus seirbhísí taighde dhlíthiúil a sholáthar. Féadfaidh an t-aonad seo ó am go chéile doiciméid bheartais a fhéadfar a chur ar fáil don phobal i gcoitinne a sholáthar.
- Cuimsítear san **Aonad Seirbhísí Leabharlaine agus Faisnéise** Leabharlannaí agus foireann tacaíochta riaracháin. Cuireann sé faisnéis agus seirbhísí saineolais ar fáil don fhoireann dlí agus don fhoireann riaracháin araon. Ní chuireann sé seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne.
- Tá dlíodóirí agus foireann riaracháin san **Aonad Idirchaidrimh d'Íospartaigh**. Déileálann sé le hiarratais ar chúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh agus le hiarratais ar athbhreithnithe ar na cinntí sin. Faightear na hiarratais sin ó íospartaigh na coireachta nó ó theaghlaigh íospartach a fuair bás. Déileálann baill foirne san Aonad le glaonna teileafóin chomh maith ó íospartaigh na coireachta agus ón bpobal i gcoitinne.

Soláthraíonn an tAonad foirmeacha iarratais agus bileoga faisnéise atá ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. De réir bheartas na hOifige, má fhaigheann an Oifig iarratas ó íospartach na coireachta i nGaeilge, tabharfar freagra air i nGaeilge.

Má ghlaonn íospartach na coireachta nó ball den phobal ar an Aonad agus más mian leo a ngnó a stiúradh i nGaeilge, tá socrúithe i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le fáilteoirí agus foireann san Aonad Idirchaidrimh d'Íospartaigh, gan aon mhoill, an glaoiteoir a chur ar aghaidh chuig Oifigeach Gaeilge nó ball foirne ar ár n-eolaire inmheánach cainteoirí Gaeilge.

- Tá dlíodóirí san **Aonad Idirnáisiúnta** a dhéileálann le réimsí den dlí coiriúil idirnáisiúnta. Áirítear air sin iarratais ar chúnamh frithpháirteach dlí agus Barántais Ghabhála Eorpacha. Ní chuireann an tAonad seirbhís ar fáil don phobal i gcoitinne.

### 3.4 An Rannán Riarachán

Cuimsítear gráid státseirbhíse seirbhíse ginearálta sa Rannán Riaracháin a sholáthraíonn na seirbhísí eagrúcháin, bonneagair agus riaracháin a theastaíonn ón Oifig.

Áirítear ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Rannán Riaracháin don phobal i gcoitinne earcaíocht, iarratas um shaoráil faisnéise, soláthar faisnéise don phobal i gcoitinne trí fhoilseacháin Oifigiúla agus trí shuíomh gréasáin na hOifige, gearáin agus iarratais ar fhaisnéis ghinearálta maidir le hobair na hOifige.

Fógraítear na comórtais earcaíochta ar fad a eagraíonn an Oifig i nuachtáin Ghaeilge. Tugann an Oifig chun suntais chomh maith go gcuirtear fáilte roimh iarratais i nGaeilge nó i mBéarla. Níl taifead ar bith ann maidir le hiarratasóir a bhain leas as an tsaoráid le hiarratas a dhéanamh i nGaeilge.

Déantar na foilseacháin oifigiúla ar fad arna soláthar ag an Oifig a fhoilsiú go dátheangach nó i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Tá suíomh gréasáin na hOifig dátheangach.

Tá an Rannán Riaracháin freagrach chomh maith as an nGaeilge a chur chun cinn go ginearálta san Oifig. Go dtí seo cuireadh na seirbhísí seo a leanas ar fáil don phobal i gcoitinne:

- Tá lógó na hOifige i nGaeilge agus mBéarla araon ar pháipéarachas na hOifige, ar dhuillíní dea-mhéine agus ar chártaí gnó
- Tá na Fógraí um Shéanadh ar na ríomhphoist uile amach i nGaeilge agus i mBéarla
- Bhunaigh an Oifig seoladh ríomhphoist tiomanta Gaeilge chun éascaíocht a dhéanamh ar chomhfhreagras leictreonach a fháil i nGaeilge ([gaeilge@dppireland.ie](mailto:gaeilge@dppireland.ie))

## 4. Seirbhísí atá le cur ar fáil i nGaeilge

---

### 4.1. Tiomantas Ginearálta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá an Oifig tiomanta do leibhéal seirbhíse a choimeád a d'fhorbair sí le linn chur chun feidhme Scéimeanna na Gaeilge roimhe seo. Tá sí tiomanta chomh maith dá chinntiú go bhfuil soláthar na seirbhísí sa dá theanga agus trí Ghaeilge leabaithe go daingean i gcultúr na heagraíochta thar chur chun feidhme cheathrú Scéim na Gaeilge seo.

Beidh tiomantais chaighdeán na seirbhíse arna nglacadh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí inár *bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís Ardchaighdeán* agus inár *gCairt* i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí sin ar fad, cibé acu an soláthrófar i nGaeilge nó i mBéarla iad.

Leanfaidh an Oifig le:

- freagra a thabhairt i nGaeilge ar an gcomhfhreagras go léir a gheofar i nGaeilge de réir alt 9(2) den Acht
- daoine ar mian leo go ndéileálfaí lena n-imeachtaí sa chúirt i nGaeilge a éascú
- an leibhéal éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge ón bpobal a thomhas ar bhonn leanúnach
- beart a dhéanamh le féachaint le hinfhaighteacht acmhainní dóthanacha chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge a chinntiú
- an fhoireann a spreagadh chun freastal ar chúrsaí oiliúna sa Ghaeilge agus é sin a éascú chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga
- athbhreithniú a dhéanamh ar an líon ball foirne atá oilte sa Ghaeilge
- a mhéid is féidir a chinntiú go ndéantar na baill foirne atá ardoilte sa Ghaeilge a scaipeadh go cuí ar fud Aonaid agus Rannáin éagsúla na hOifige chun tacú leis na tiomantais atá leagtha amach sa scéim seo
- cur chun cinn na Gaeilge a éascú go ginearálta san áit oibre, trí ghníomhaíochtaí sóisialta agus trí ghníomhaíochtaí eile.

### 4.2 Fáilteoirí

Is iad na fáilteoirí an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar bheartas na hOifige a chinntiú go mbeidh cleachtas caighdeánach Seirbhíse Cáilíochta i bhfeidhm sa réimse seo.

- Cinnteoidh fáilteoirí go dtabharfar ainm na hOifige i nGaeilge agus i mBéarla
- Tá na beannachtaí bunaidh i nGaeilge ar eolas ag na fáilteoirí

- Tá socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur féidir baill den phobal, gan aon mhoill, a aistriú chuig an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a thairiscint i nGaeilge, má tá sé ar fáil.

### 4.3 Oifigeach Gaeilge (OG)

Leanfaidh an tOifigeach Gaeilge le:

- tacaíocht agus cúnamh a sholáthar i ndáil le haistriú gnáthchomhfhreagrais agus go háirithe gnéithe de dhoiciméadúchán dlíthiúil i nGaeilge a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile
- comhairle a thabhairt nuair is gá ábhar i nGaeilge a chur amach lena aistriú go gairmiúil
- cúnamh cúltaca agus pointe tagartha a chur ar fáil don fhoireann ar fad a ghlacann glaonna teileafóin nó a dhéileáilann le comhfhreagras scríofa nó leictreonach eile i nGaeilge

### 4.4 An tAonad Cumarsáide

Tá an tAonad Cumarsáide freagrach as Scéim na Gaeilge a chomhordú agus a chur chun feidhme. Déanfaidh an tAonad, mura sonraítear a mhalairt áit éigin eile:

- tuairisc a thabhairt go díreach don lucht bainistíochta sinsearaí ar bhonn bliantúil i ndáil le cur chun feidhme Scéim na Gaeilge 2018 – 2021
- fardal an éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge a dhéanamh, i gcomhair leis an Oifigeach Gaeilge i rith chur chun feidhme Scéim 2018 - 2021
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge agus leis an Oifigeach Oiliúna i ndáil le cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge a chur chun cinn
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge agus leis an Oifigeach Oiliúna i ndáil le hoiliúint feasachta ar Chláir Ionduchtaithe
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Oiliúna i ndáil le hoiliúint leanúnach d'oibreoírí an Iasc-chláir, fáilteoirí agus foireann san Aonad Idirchaidrimh d'Íospartaigh lena chinntiú go ndéileálfar le cumarsáid sa Ghaeilge go gasta agus go sásúil
- roinn thiomanta Ghaeilge a chothabháil agus a fhorbairt ar inlín na hOifige ionas gur féidir leis an bhfoireann faisnéis agus seirbhísí Gaeilge a rochtain go héasca
- tá liosta de na baill foirne go léir atá oilte sa Ghaeilge ar fáil ar roinn Ghaeilge inlín na hOifige agus coinnítear cothrom le dáta é

- idirchaidreamh a dhéanamh leis an Aonad Leabharlainne agus Bainistíochta Eolais i ndáil leis an eolaire ábhair acmhainne atá ar fáil i nGaeilge agus a chinntiú go ndéanfar an t-eolaire a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta de réir mar is gá
- suíomh gréasáin na hOifige a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta i bhformáid dhátheangach
- a chinntiú go mbeidh an t-ábhar statach ar shuíomhanna gréasáin úra ar bith a d'fhéadfaí a fhorbairt le linn na scéime i nGaeilge agus i mBéarla.
- a chinntiú go bhfuil agus go mbeidh na bileoga agus na foirmeacha iarratais a sholáthraíonn an Oifig lena scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne ar fáil go comhuaineacht sa dá theanga oifigiúla ar an suíomh gréasáin agus, nuair is cuí, na doiciméid sin a fhoilsiú go dátheangach faoi chlúdach amháin. Cinnteoidh an Oifig i gcás go soláthraítear foirmeacha iarratais agus bileoga faisnéise mar leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith, go gcuimseofar ráiteas oiriúnach ar an leagan Béarla den doiciméad ina sonrú go bhfuil leagan Gaeilge den doiciméad ar leith ar fáil agus go mbeidh an leagan Gaeilge ar fáil chomh éasca agus a bheidh an leagan Béarla ar fáil.
- tús áite a thabhairt don Ghaeilge ar lógó na hOifige agus ar pháipéarachas uile na hOifige, ar dhuillíní dea-mhéine agus ar chártaí gnó
- a chinntiú go bhfuil an chomharthaíocht ar fad atá ar taispeáint i gcóiríocht na hOifige atá áitithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa dá theanga
- cuimsiú alt Gaeilge i ngach eagrán den nuachtlitir inmheánach a chur chun cinn

Ní sholáthraíonn an Oifig seirbhísí idirghníomhacha ar líne faoi láthair. Ba cheart seirbhísí dá leithéid a thabhairt isteach, áfach. Tabharfar isteach go comhuaineach sa dá theanga amach anseo iad.

#### 4.5 An tAonad TF

Tá Cás leictreonach na hOifige, Bainistíocht Doiciméad agus an gcóras Rianaithe Comhad go hiomlán ábalta an Ghaeilge a láimhseáil.

Beidh córais ríomhaire úra ar bith eile a shuiteálfar amach anseo go hiomlán ábalta an Ghaeilge a láimhseáil chomh maith.

## 5. Monatóireacht

---

- 5.1** Beidh an tAonad Cumarsáide freagrach as oibriú éifeachtúil Scéim na Gaeilge 2018 - 2021. Déanfaidh an tAonad monatóireacht ar chur chun feidhme na Scéime agus tabharfaidh sé tuairisc don lucht bainistíochta sinsearaí ar bhonn bliantúil. Foilseofar tuarascáil maidir le cur chun feidhme na Scéime sna Tuarascálacha Bliantúla don Oifig.

## 6. Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

---

**6.1** Déanfar ábhair na scéime seo mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime a phoibliú don phobal i gcoitinne trí bhíthin:-

- Seoladh na Scéime ar shuíomh gréasáin na hOifige

Chomh maith leis na bearta sin, glacfaidh an Oifig gach deis leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, trí fhonótaí a chuimsiú i dtreoirínte roghnaithe, bileoga, agus foirmeacha iarratais ina míneofar go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge chomh maith (i gcásanna nach bhfuil an t-ábhar clóscríofa dátheangach curtha ar fáil faoin gclúdach amháin).

**6.2** Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.